# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Rinne mé imscrúdú sa bhliain 2017 a raibh tábhacht ar leith leis i dtaca leis an oideachas trí Ghaeilge. Aithnítear ról lárnach an oideachais lán-Ghaeilge sa *"Ráiteas i Leith na Gaeilge 2006"* agus sa *"Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030"*. Tá an cur chuige sin le feiceáil sna dualgais agus sna cuspóirí maidir leis an nGaeilge san Acht Oideachais, 1998, mar shampla go dtabharfaí aird ar rogha tuismitheoirí maidir le riachtanais teanga agus chultúrtha daltaí a chur chun cinn.

Léiríodh san imscrúdú a rinne mé gur sáraíodh forálacha den Acht céanna, an tAcht Oideachais, 1998. Níor áiríodh cuspóirí teanga an Achta go cuí sa phróiseas a bhain le ceapadh pátrúin do bhunscoil nua a bhí le bunú i gceantar pleanála scoile Dhroim Chonrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

Moladh san imscrúdú:

- go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna athscrúdú ar an éileamh ar oideachas il-sainchreidmheach trí Ghaeilge i gceantar pleanála scoile Dhroim Chonrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1; agus
- go gcloífí feasta leis na dualgais reachtúla teanga sa phróiseas trína mbronntar pátrúnacht.

B'údar sásaimh dom é nuair a d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna ar an 31 Deireadh Fómhair 2018 gur scoil lán-Ghaeilge a bheadh sa scoil nua a bhí le bunú i gceantar pleanála scoile Dhroim Chonrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1. Leanadh den phlé maidir leis an dara moladh a luaitear thuas a bhaineann leis an bpróiseas pátrúnachta agus d'fhógair an tAire torthaí phróiseas pátrúnachta 2019 i dtreo dheireadh mhí Feabhra 2019. Níor léir dom gur bronnadh na pátrúnachtaí i gcomhréir leis na moltaí a bhí déanta ag an Roinn mar fhreagra ar an imscrúdú. Thug mé suntas go háirithe don mhéid seo a leanas:

- Fiú agus na scoileanna nua a fógraíodh san áireamh, bheadh dhá cheantar as an dá cheann déag ann nach mbeadh aon soláthar don Ghaelscolaíocht iontu.
- Chonacthas dom gur laige a bhí sa phróiseas nár cuireadh aon eolas ar fáil sna tuarascálacha aonaracha maidir le hacmhainn na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí ag feidhmiú sa cheantar freastal ar an éileamh breise. Ní dhearnadh aon chíoradh ar an éiteas a bhí sna ceantair sin ach oiread.

Ba léir go raibh athrú curtha ag an Roinn ar na moltaí a cuireadh faoi mo bhráid i mí na Nollag 2017 agus i mí Aibreáin 2018:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas pátrúnachta maidir le léirithe tuismitheoirí ar an nGaeloideachas mar rogha trí aird sa bhreis a thabhairt ar chomhréireacht. D'fhéadfadh sé go mb'fhéidir Gaelscoil agus scoil Bhéarla a sholáthar laistigh de limistéar pleanála scoileanna amháin, mar shampla d'fhéadfaí scoil 24 seomra a sholáthar mar scoil 8 seomra ranga agus scoil ar leith 16 sheomra ranga. Thiocfadh réiteach roinnte mar seo i gceist dá mbainfeadh roghanna pátrúnachta le haghaidh Gaelscoile comhréir faoi leith amach de na roghanna a léiríodh. Cé nár tugadh slat tomhais, tugadh sampla den toradh a bheadh air dá socrófaí ar 35%.

Mheas mé ag an am gur cur chuige stuama a bhí á ghlacadh ag an Roinn sa mhéid is go raibh modheolaíocht á moladh a chonacthas dom a d'fhreastalódh ar mhianta tuismitheoirí don oideachas lán-Ghaeilge, fiú nuair nár bhain an rogha sin an líon ab airde iarratas amach sa phróiseas pátrúnachta.

Thug an Roinn le fios go raibh athrú tagtha ar an dearcadh ó shin toisc nach raibh aon scoil 24 seomra le bunú idir 2019 agus 2022 agus nár thug toradh an bhunphróisis pátrúnachta leibhéal dearbhaithe leordhóthanach go mbeadh éileamh ann ar scoil lán-Ghaeilge inmharthana 8 seomra ranga.

Rinne an Roinn cur síos ar an bpróiseas comhairliúcháin a bhí curtha i bhfeidhm aici agus leag sí amach an Plean Tionscadail a d'eascair as an gcomhairliúchán sin, lenar áiríodh:

- Scrúdófaí arbh fhéidir aguisín a chur leis an bpolasaí reatha maidir le bunú scoileanna nua. I gcás scoileanna atá le bunú le linn na tréimhse 2020-2022, dhéanfaí an soláthar lán-Ghaeilge atá sa cheantar cheana a iniúchadh. Sa chás nach raibh aon soláthar trí Gaeilge sa cheantar dhéanfaí réamhchinneadh gurbh í an Ghaeilge teanga theagaisc na scoile seachas mura mbeadh sin oiriúnach nó riachtanach. I gcásanna eile leanfaí ar aghaidh ag cinneadh theanga an teagaisc tar éis próiseas pátrúnachta.
- Scrúdófaí arbh fhéidir aguisín a chur leis an bpolasaí i gcás ceantair a bhfuil roinnt scoileanna nua le bunú iontu sa tréimhse 2019-2022. Dhéanfaí cinneadh roimh ré go mbeadh ceann amháin ar a laghad de na scoileanna sin ina scoil lán-Ghaeilge mura mbeadh cúinse áitiúil áirithe ann nach mbeadh sin oiriúnach nó riachtanach.
- Dá mbeadh ceann de na 26 bunscoil atá le bunú sa tréimhse 2019-2022 le méadú ina scoil 24 seomra, bunaithe ar athbhreithniú déimeagrafach, go ndéanfaí iniúchadh ar bhonn píolótach féachaint arbh fhéidir an scoil sin a sheachadadh mar scoil 16 sheomra ranga agus scoil 8 seomra ranga, agus cuid de na háiseanna á gcomhroinnt eatarthu, sa chás go gceadódh dálaí suímh a leithéid.

Bhí sé ar cheann de na moltaí is suntasaí ag an Roinn sa litir seo go ndéanfaí réamhchinneadh gurb í an Ghaeilge a bheadh mar theanga theagaisc i scoil nua a bheartófaí i gceantar pleanála scoile nárbh ann d'aon soláthar don oideachas lán-Ghaeilge. Ghlac mé leis go raibh fiúntas sa mholadh sin cé go raibh díomá orm leis an gcúlú a chonacthas dom a bhí déanta ón moladh a cuireadh faoi mo bhráid cheana ar an ábhar.

Bhí cruinniú agam leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Lúil 2019 maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe. Ainneoin go raibh de chuspóir ag na hathruithe soláthar níos fearr a dhéanamh don oideachas lán-Ghaeilge, nocht mé an tuairim go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí cúram cinnte de sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge. Bhainfeadh seo go speisialta le cúinsí agus ceantair ina léireofaí éileamh dóthanach ar a leithéid le linn an phróisis phátrúnachta ach gan í a bheith ar rogha an mhóraimh. Tá dóchas agam go mbeidh tionchar dearfach ag obair na Roinne, a rinneadh mar thoradh ar an imscrúdú, ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge sa tír.

---

**Tús teagmhála: 26 Deireadh Fómhair 2017**
**Teagmháil is déanaí: 8 Samhain 2019**

## Aguisín 1 – Amlíne

| | |
|---|---|
| 27 Aibreán 2017: | Tuarascáil imscrúdaithe chríochnúil eisithe. |
| 26 Deireadh Fómhair 2017: | Cruinniú iarrtha ag an Roinn le moltaí an imscrúdaithe a phlé. |
| 5 Nollaig 2017: | Cruinniú leis an Roinn leis na moltaí a phlé. |
| 12 Aibreán 2018: | Litir ón Roinn ag déanamh cur síos ar na moltaí a bhí pléite ag an gcruinniú i dtaca le (1) idirdhealú éiteas agus teanga, (2) córas ar líne, (3) comhroinnt suímh (deiseanna a bheadh ann scoil 16 sheomra agus scoil lán-Ghaeilge 8 seomra a chur ar aon suíomh amháin, ag comhroinnt áiseanna), agus (4) comhréireacht. |
| 27 Lúnasa 2018: | Litir ó Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) chuig an Roinn ag lorg cruinniú le léargas cothrom le dáta a fháil ar chur i bhfeidhm na moltaí. D'iarr an Roinn an cruinniú a chur siar go dtí tar éis cruinniú de chuid an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua (GBSN). |
| 24 Deireadh Fómhair 2018: | Meabhrúchán eisithe chuig an Roinn faoin gcruinniú/léargas chun dáta a bhí iarrtha. |
| 31 Deireadh Fómhair 2018: | Eisíodh preasráiteas ón Aire ag fógairt bunú 4 scoil nua dara leibhéal. Bhí tagairt sa phreasráiteas do GBSN agus a dtagairt do mholtaí an Choimisinéara Teanga agus do na leasuithe a bhí curtha i bhfeidhm sa phróiseas cheana féin ag an Roinn chuige seo. Bhí sé ráite go raibh gá le tuilleadh machnaimh agus comhairliúcháin leis na heagraíochtaí pátrúnachta ar an ábhar. |
| 12 Samhain 2018: | Litir ón Roinn ag tabhairt le fios gur thug GBSN aird ina chruinniú ar mholtaí an Choimisinéara Teanga ina thuarascáil agus go raibh molta aige don Aire pátrúnacht don scoil nua a bhí le bunú i gceantar Bhaile Átha Cliath 1/Marino/Dhroim Conrach in 2019 a bhronnadh ar an bhForas Pátrúnachta. Rinne an Roinn cur síos ar an léargas a bhí tugtha aici do GBSN ag a chruinniú ar an gCóras Próiseas Pátrúnachta ar Líne (OPPS) a bhí forbartha aici agus an obair thosaigh a bhí déanta aici chun an próiseas a fheabhsú, go háirithe i dtaobh léiriú a thabhairt ar rogha tuismitheoirí i dtaca le hoideachas Gaeilge. Luadh arís an deis a bheadh ann scoil 24 seomra a chur ar fáil i bhfoirm scoil Bhéarla 16 sheomra ranga agus scoil Ghaeilge 8 seomra. Dúradh go dtógfadh sé a thuilleadh ama an cheist a chíoradh ina hiomláine. Luadh chomh maith go mbeadh deis ann faoin bPróiseas um Scoileanna a Athchumrú ar mhaithe leis an Éagsúlacht. |
| 10 Nollaig 2018: | Eisíodh preasráiteas ón Roinn ag fógairt cuireadh do thuismitheoirí rogha phátrúnachta a léiriú do 12 bhunscoil a bhunófaí in 2019. |
| 21 Feabhra 2019: | Eisíodh preasráiteas ón Roinn ag fógairt pátrúnacht do 12 bhunscoil atá le bunú in 2019. |
| 12 Márta 2019: | Sheol an Coimisinéir Teanga litir chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur in iúl gur chúis díomá dó an méid a fógraíodh i bpreasráiteas na Roinne mar nár chosúil gur tugadh san áireamh na moltaí a bhí déanta ag an Roinn roimhe seo agus na pátrúnachtaí á mbronnadh. Lorgaíodh amchlár cinnte faoina dtabharfaí feidhm do na moltaí sin. |
| 29 Márta 2019: | Lorg an Roinn síneadh ama le litir an 12 Márta a fhreagairt mar go mbeadh cruinniú ag an Roinn leis na pátrúin ar an 5 Aibreán agus gur theastaigh uaithi toradh an chruinnithe sin a áireamh sa fhreagra. |
| 18 Aibreán 2019: | Lorg an Roinn síneadh ama eile go dtí an 3 Bealtaine. |

| | |
|---|---|
| 7 Bealtaine 2019: | Litir faighte ón Roinn. Leagadh amach sa litir seo na gníomhartha a rinneadh go dtí sin maidir leis na 5 ghníomh shuntasacha a liostaíodh i litir an 12 Márta ó Oifig an Choimisinéara Teanga, mar aon le míniú maidir le hathrú treo i gcás Ghníomh 5 – *"Go ndéanfar athbhreithniú ar an bpróiseas pátrúnachta trí aird sa bhreis a thabhairt ar chomhréireacht maidir le léirithe tuismitheoirí ar an nGaeloideachas mar rogha."* Cuireadh eolas ar fáil maidir le dréachtphlean tionscadail a bhí forbartha ag an Roinn, dírithe ar raon meicníochtaí a bheith ann chun soláthar a dhéanamh do roghanna tuismitheoirí (7 gcinn san iomlán). |
| 6 Meitheamh 2019: | Litir eisithe chuig an Roinn ag léiriú díomá faoin gcúlú ó na chéad mholtaí a rinneadh ach ag glacadh leis go raibh fiúntas áirithe sna moltaí nua a bhí á gcur faoi mo bhráid. |
| 12 Meitheamh 2019: | Admháil faighte ón Roinn. |
| 21 Meitheamh 2019: | Glaoch fóin ón Roinn ag tairiscint cruinniú le hoifigigh shinsearacha chun an cheist a phlé. |
| 2 Iúil 2019: | Litir chuig an Roinn ag leagan amach céard leis a rabhamar ag súil ón gcruinniú. |
| 31 Iúil 2019: | Cruinniú idir oifigigh shinsearacha de chuid na Roinne, an Coimisinéir Teanga agus oifigigh ó Oifig an Choimisinéara Teanga. |
| 27 Meán Fómhair 2019: | Litir faighte ón Roinn maille le tuairisc ar an méid a pléadh i gcruinniú an 31 Iúil 2019. |
| 6 Samhain 2019: | Freagra eisithe chuig an Roinn ag tabhairt aitheantas don mhéid a bhí curtha i gcrích ag an Roinn ach ag cur fainic go bhféadfadh an bunúdar a bhí leis an imscrúdú tarlú arís in ainneoin na leasuithe, mar a luadh sa chruinniú. D'iarr mé go dtabharfaí aghaidh ar bhearta breise chun freastal cuí a dhéanamh ar cheantair ina léirítear éileamh láidir ar an oideachas trí Ghaeilge ach gan í a bheith ar rogha an mhóraimh. |